C/2026/1147

20.2.2026

Fógra le haghaidh daoine agus eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú agus i Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú

(C/2026/1147)

Dírítear aird Igor Yuryevich CHAIKA, Mihail VLAH, Nelli PARUTENCO, Ilia UZUN, EVRAZIA, daoine agus eintitis atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle [1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha a bhaineann leis na daoine agus na heintitis thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna agus/nó ar fhianaise nua.

Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine agus do na heintitis sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann le bearta sriantacha a choinneáil ar bun, roimh **an 27 Feabhra 2026**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 114, 2.5.2023, lch. 15.
[2] IO L 114, 2.5.2023, lch. 1.